# OBAIR BHAILE

Tugtar obair bhaile do pháistí chun tuilleadh cleachtadh agus daingniú a dhéanamh ar na coincheapanna atá múinte sa rang. Chomh maith leis sin cothaítear neamhspleáchas agus féinmhuinín sna páistí trí bheith ag obair as a stuaim féin. Tugann sé deis do pháistí forbairt a dhéanamh ar a gcuid scileanna agus bealaí staidéir. Tugann sé deis agus ról do na tuismitheoirí a bheith páirteach in oideachais a bpáiste, rud atá aitheanta a bheith fíor-thábhachtach.

Tugtar obair bhaile do chuile pháiste ó Luan go Déardaoin. Fágtar faoi dhiscréid an mhúinteora obair bhaile a thabhairt ag an deireadh seachtaine.

**Méid ama a chaitear le obair bhaile:**

Naíonáin Bheaga -10 nóiméad sa dara téarma

Naíonáin Mhóra -20 nóiméad obair bhaile

Molann muid go gcaithfeadh tuismitheoirí 10 nóiméad eile ag dul siar ar léitheoireacht, foghraíocht agus ábhair eile leis na Naíonáin.

| | | |
|---|---|---|
| Rang 1 | - | 30 nóiméad |
| Rang 2 | - | 30 nóiméad |
| Rang 3 | - | 30 - 40 nóiméad |
| Rang 4 | - | 40 - 50 nóiméad |
| Rang 5 | - | 40 - 50 nóiméad |
| Rang 6 | - | 50 - 60 nóiméad |

Bíonn dialann scoile (leabhar nótaí obair bhaile) ag páistí ó Rang 1 go Rang 6 chun a gcuid obair bhaile a scríobh iontu. Bíonn ar thuismitheoirí an dialann a shiniú tar éis an obair bhaile a bheith scrúdaithe acu. Tá sé seo rí-thábhachtach mar léiríonn sé don pháiste an spéis atá ag na tuismitheoirí san obair atá déanta acu. Is áis an-mhaith cumarsáide í an Dialann scoile.

Sa gcás nach ndéantar obair bhaile cuirfear nóta neamhfhoirmiúil abhaile sa dialann. Caithfear an nóta a shíniú. Seo roinnt moltaí do thuismitheoirí í dtaobh obair bhaile:

## MOLTAÍ

**1.** Bíodh am speisialta go luath sa lá más féidir fágtha go leath taobh i gcomhair obair bhaile. Ba cheart go ndéanfaí an obair bhaile in áit/suíomh/seomra ciúin gan cur isteach.

**2.** Tosaigh leis an obair atá le cur de ghlan mheabhair, ansin matamaitic, ansin scríbhneoireacht, ansin an léitheoireacht agus dul siar ar an obair a chaithfear a fhoghlaim de ghlan mheabhair ag an deireadh (m.sh. Litriú, Táblaí, Dán &rl.)

**3.** Is daingniú atá san obair bhaile ar an obair a dhéantar ar scoil. Ba cheart go mbeadh tuiscint ag an bpáiste ar a chuid obair bhaile. Muna bhfuil an tuiscint sin ag an bpáiste moltar do thuismitheoirí dul i dteangmháil leis an múinteoir ranga.

**4.** Ní ghlacfar ach le caighdeán áirithe scríofa ag cur cumas an pháiste san áireamh. Cothaítear néatacht ón tús.

5. Moltar do na tuismitheoirí súil a choinneáil ar a gcuid páistí agus iad ag déanamh obair bhaile.